

OSPAR_QSR_2023-Print-IE.indd 1 07/11/2023 21:05



CLÁR ÁBHAIR

01. RÉAMHRÁ

TUARASCÁIL OSPAR AR STÁDAS CÁILÍOCHTA 2023 **06**

RÉAMHRÁ **08**

SCÉAL … DAPSIR **10**

SCÉAL… AN ATLANTAIGH THOIR THUAIDH: ÁR AIGÉAN GNÓTHACH **12**

02. BRÚNNA

LEANANN TIONCHAIR DHIÚLTACHA Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OLA AGUS GÁIS AG LAGHDÚ **16**

TÁ COSC CURTHA AR THRUAILLIÚ Ó SHUBSTAINTÍ RADAIGHNÍOMHACHA **18**

IS CÚIS IMNÍ IAD SUBSTAINTÍ GUAISEACHA **20**

TÁ TRUAILLIÚ Ó THORANN FÓS INA BHAGAIRT **22**

EOTRÓFÚ GO LEANÚNACH **24**

TÁ LEIBHÉIL BHRUSCAIR MHARA FÓS ARD IN AINNEOIN COMHARTHAÍ FEABHSAITHE **26**

IS COSÚIL GO BHFUIL LAGHDÚ TAGTHA AR THABHAIRT ISTEACH SPEICEAS NUA NEAMHDHÚCHASACHA (NIS) **28**

03. STAID

TÁ ÉIN MHUIRÍ FÓS I DTRIOBLÓID **32**

NÍL STÁDAS MAITH AG ÉIN MHARA **34**

AN SCÉAL MAIDIR LE… LIMISTÉIR THAR DHLÍNSE NÁISIÚNTA A CHOSAINT **36**

TÁ GO LEOR MAMAIGH MHARA FÓS I MBAOL, FIÚ AGUS ROINNT SPEICEAS AG TÉARNAMH **38**

NÍL STÁDAS NA RÓNTA AGUS NA GCÉITICEACH LE FIACLA BEAGA GO MAITH AGUS NÍL STÁDAS NA MAMACH MUIRÍ EILE FÓS AR EOLAS **40**

IN AINNEOIN FEABHSUITHE I ROINNT POBAIL ÉISC, NÍL STÁDAS MAITH AG GO LEOR ACU **42**

STÁDAS POBAIL AN IASC MHARA **44**

SCÉAL … NA NDAOINE TAOBH THIAR DEN QSR **46**

TÁ DAMÁISTE Á DHÉANAMH FÓS DO GHNÁTHÓGA BEANTACHA **48**

BÍONN TIONCHAR AG PLANCTÓN, BUN AN BIA-EANGACH MARA, I NGNÁTHÓGA PEILIGEACHA **50**

STAID NA NGNÁTHÓG PEILIGEACH **52**

IS ÁBHAR MÓR IMNÍ É STAID NA MBIA-EANGACHA MARA **54**

STAID NA MBIA-EANGAÍ MARA **56**

04. CAITHFIMID GNÍOMHÚ ANOIS

SCÉAL OSPAR AGUS SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE NA NÁISIÚN AONTAITHE **60**

IS LÉIR GO BHFUIL ÉIFEACHTAÍ AN ATHRAITHE AERÁIDE INTOMHAISTE **62**

CUIREANN AIGÉADÚ AIGÉIN ÉICEACHÓRAIS MHUIRÍ I MBAOL BREISE **63**

AIGÉADÚ AIGÉIN AGUS A ÉIFEACHTAÍ ÉICEOLAÍOCHA **64**

OSPAR_QSR_2023-Print-IE.indd 2-3 07/11/2023 21:05

01.
RÉAMHRÁ

TUARASCÁIL OSPAR AR STÁDAS CÁILÍOCHTA 2023

FAIGH LÉARGAS AR DHOMHAN MEALLTACH AN AIGÉIN ATLANTAIGH THOIR THUAIDH LE TUARASCÁIL OSPAR AR STÁDAS CÁILÍOCHTA (QSR) 2023.

Tugann an táirge cumarsáide seo léargas ar thorthaí ár measúnuithe, agus feidhmíonn sé mar bhealach chuig stór eolais iontach laistigh dár dTuarascáil Sintéise. Agus tú ag dul trí na leathanaigh, tugaimid cuireadh duit do shnorcal fíorúil a chur ort, na hipearnasc a leanúint agus tús a chur le turas chuig ár dtairseach measúnaithe. Agus tú ag léamh, cuimhnigh go bhfuil sláinte an Atlantaigh Thoir Thuaidh fite fuaite go dlúth le folláine ár bpláinéad uile agus sochaithe daonna.

SCANADH LE FÁIL AMACH

CÉARD IS OSPAR ANN?

Is eagraíocht idirnáisiúnta é OSPAR a oibríonn chun timpeallacht mhuirí an Atlantaigh Thoir Thuaidh a chosaint. Cruthaíonn an OSPAR nasc idir 15 thír agus an tAontas Eorpach, ag obair i gcomhar chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhshaoil a bhfuil tionchar acu ar an Aigéan Atlantach Thoir Thuaidh.

Forbraíonn agus cuireann OSPAR i bhfeidhm beartais, straitéisí agus comhaontuithe chun an t-éiceachóras muirí a chosaint agus a athchóiriú. Déanann sé measúnuithe freisin ar nós QSR 2023, chun monatóireacht a dhéanamh ar shláinte an aigéin agus chun dul chun cinn a rianú maidir le spriocanna comhshaoil a bhaint amach.

Trína chuid oibre, bíonn OSPAR ar a dhícheall chun an timpeallacht mhuirí a chosaint don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht, ag cur san áireamh idircheangailteacht an aigéin le hathrú aeráide, folláine an duine, agus sláinte iomlán ár bpláinéad.

CAD É AN QSR 2023

Is measúnú cuimsitheach é Tuarascáil OSPAR ar Stádas Cáilíochta 2023 ar shláinte chomhshaoil agus ar stádas an Aigéin Atlantaigh Thoir Thuaidh agus ar ghníomhaíochtaí daonna a idirghníomhaíonn leis.

Tá níos mó ná 120 measúnú sa tuarascáil agus clúdaíonn sé gnéithe éagsúla, lena n-áirítear bithéagsúlacht, gnáthóga, agus gníomhaíochtaí daonna a mbíonn tionchar acu ar an timpeallacht mhuirí. Scrúdaíonn sé láithreacht ábhar truaillithe agus truailleán san uisce, amhail ceimiceáin agus micreaplaistigh, agus déanann sé measúnú ar a n-éifeachtaí féideartha ar shaol na mara agus ar éiceachórais.

Ina theannta sin, déanann an tuarascáil measúnú ar stádas na speiceas muirí éagsúla, ó éisc agus éin mhara go mamaigh agus plandaí. Díríonn sé ar dhaonra, dáileadh, agus treochtaí, ag aithint aon athruithe nó bagairtí ar na speicis seo. Cuidíonn an fhaisnéis seo le heolaithe agus le lucht déanta beartas tuiscint a fháil ar shláinte agus ar sheasmhacht iomlán an éiceachórais mhuirí.

Saincheist ríthábhachtach eile ar tugadh aghaidh uirthi i QSR 203 is ea an tionchar a bhíonn ag athrú aeráide agus aigéadú aigéin ar an timpeallacht mhuirí. Scrúdaíonn sé na hathruithe ar theocht aigéin, aigéadacht, agus ardú ar leibhéal na mara, i measc cúinsí eile, agus déanann sé measúnú ar a n-éifeachtaí ar shaol na mara agus ar éiceachórais.

Tríd is tríd, feidhmíonn an QSR 2023 mar uirlis thábhachtach d'eolaithe, do lucht déanta beartas, agus don phobal chun tuiscint a fháil ar staid reatha an Aigéin Atlantaigh Thoir Thuaidh, na dúshláin atá os a chomhair, agus na bearta a bhfuil gá leo chun a shláinte agus a inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chinntiú.

*Measúnuithe neamhtháscaire 3ú páirtí agus OSPAR

RÉAMHRÁ

ó thionólaithe na foirne comhordaithe QSR

Don tríú huair i mo shaol, bhí baint agam le léiriú Tuarascáil OSPAR ar Stádas Cáiliochta (QSR). Is toradh iad na QSR OSPAR ar chomhiarracht ollmhór de chuid an phobail OSPAR ar fad, agus ní aon eisceacht é an ceann seo. Is é an bunús lárnach ná feasacht eolaíoch agus tuiscint ar ár bhfarraigí.

Chuir níos mó ná 400 saineolaí a gcuid saineolais aonair leis an léiriú reatha, ach níl anseo ach gné ríthábhachtach amháin. Tá an oiread céanna tábhachta le spiorad an chomhoibrithe, an toilteanas féachaint thar theorainneacha náisiúnta, agus leasanna ar leith nuair a bhíonn tuairimí doshéanta agus dúshlán coiteann os a gcomhair.

Chuidigh ionadaithe ó lucht riaracháin náisiúnta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, breathnóirí, saineolaithe agus rúnaíocht OSPAR nuair ab fhéidir leo chun a áirithiú go bhfuil an QSR seo cothrom, ionadaíoch, nuálach agus, níos tábhachtaí, gur bhain bonn láidir leis do bhainistiú eolaíochtbhunaithe ár bhfarraigí.

Bhí gá le hiarracht leanúnach chun cumarsáid shoiléir thrédhearcach a chinntiú le go leor uair an chloig cruinnithe, go leor malartuithe fiorúla, agus ná déanaimis dearmad ar líon mór ríomhphost. Is é mo thuairim láidir nach féidir fíor dhul chun cinn a dhéanamh ach amháin nuair a bhíonn na gníomhaithe go léir páirteach i malartú faisnéise oscailte agus atá bunaithe ar fhíricí i dtaca le sprioc nó dúshlán coiteann. Is sampla iontach é an QSR reatha de phróiseas den sórt sin. Táim thar a bheith buíoch díobh siúd ar fad a bhí gafa leis. Ba mhór an onóir agus an pléisiúr a bheith ag obair leo siúd go léir a ghlac páirt san iarracht seo.

Is é mo thuairim láidir nach féidir fíor dhul chun cinn a dhéanamh ach amháin nuair a bhíonn na gníomhaithe go léir páirteach i malartú faisnéise oscailte agus atá bunaithe ar fhíricí i dtaca le sprioc nó dúshlán coiteann.

P. Roose

Dr. Patrick Roose
Comhthionólaí na foirne comhordaithe QSR

Cuirtear síos sa bhróisiúr seo ar bhuaicphointí QSR OSPAR 2023. Ina theannta sin, feidhmíonn sé mar bhealach isteach i raon leathan measúnuithe - níos mó ná 120! – atá taobh thiar den QSR.Is toradh é ar obair foirne eisceachtúil, a bhaineann le lionra iomlán OSPAR de bhailitheoirí agus de bhainisteoirí sonraí, d'anailísithe, d'eolaithe, de lucht déanta beartas, agus d'eagraíochtaí breathnóireachta ó eagraíochtaí neamhrialtasacha timpeallachta agus comhlachtaí tionscail.

Tá QSRanna seachadta ag OSPAR ó na 1980í agus ba mhór an onóir dom a bheith mar chuid den fhoireann ó QSR 2000. Tá an domhan thart orainn athraithe go hiomlán ó shin i leith agus is amhlaidh atá na QSRanna: tuilleadh eolais agus topaicí, comhoibriú níos fearr, agus níos mó tionchair de réir mar a úsáideann ballstáit an Aontais Eorpaigh an QSR chun tuairisciú a dhéanamh faoin Chreat-Treoir Straitéis na Mara (CTSM).

Soláthraíonn ár measúnuithe ar riocht na timpeallachta muirí, eolas atá riachtanach chun bearta éifeachtacha a fhorbairt chun an tAigéan Atlantach Thoir Thuaidh a chosaint.

Is é mo thuairim láidir gur gá beartas comhshaoil agus bainistíocht inbhuanaithe a bhunú ar an eolaíocht is fearr atá ar fáil. Thar na blianta, tá bealaí níos fearr aimsithe againn chun a chinneadh an bhfuil cúrsaí faoi láthair agus na treochtaí a aithníodh ina leith sin 'go maith' nó 'nach bhfuil go maith'. Má mheastar go bhfuil an riocht go maith, ciallaíonn sé go bhfuil an tsochaí tar éis na farraigí agus na haigéin a chosaint i gceart. Mura bhfuil sé go maith, ní mór rud éigin a dhéanamh. Iarraim ort, a léitheoir an QSR 2023, úsáid a bhaint as an neart eolais agus rannchuidiú le bearta a chinntíonn go bhfuil ár bhfarraigí agus ár n-aigéan sláintiúil arís.



Iarraim ort, a léitheoir an QSR 2023, úsáid a bhaint as an neart eolais agus rannchuidiú le bearta a chinntíonn go bhfuil ár bhfarraigí agus ár n-aigéan sláintiúil arís.

J. Enserink

Dr. Lisette Enserink
Comhthionólaí na foirne comhordaithe QSR

OSPAR_QSR_2023-Print-IE.indd 8-9 07/11/2023 21:05

SCÉAL ... DAPSIR

Is creat é DAPSIR (Tiománaithe, Gníomhartha, Brúnna, Iompar, Freagairtí) chun cur síos a dhéanamh ar na caidrimh idir daoine, a ngníomhartha, agus an timpeallacht.

Is é DAPSIR creat lárnach an QSR a ligeann dúinn an scéal iomlán a thuiscint níos fearr trí gach measúnú a chur i láthair ar bhealach inchomparáide. Uasmhéadaíonn sé seo na sineirgíochtaí eatarthu agus cuirtear gnéithe comhshaoil, socheacnamaíocha agus bainistíochta san áireamh. Aithnítear sa chreat an spleáchas atá ag sochaithe ar aigéan sláintiúil agus dearbhaíonn sé conas a théann athruithe i mbrúnna agus stáit i bhfeidhm ar sheachadadh seirbhísí éiceachórais.



Ceanglaítear le Coinbhinsiún OSPAR go ndéanfaidh Páirtithe Conarthacha gach beart is féidir chun truailliú a chosc agus a dhíchur agus na bearta is gá a ghlacadh chun an limistéar muirí a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha gníomhaíochtaí daonna chun sláinte an duine a chosaint agus chun éiceachórais mhuirí a chaomhnú agus, nuair is indéanta, chun éiceachórais mhuirí a athbhunú limistéir mhuirí a raibh drochthionchar orthu.

Tuairiscíonn an QSR ar bhrúnna, ar riochtaí agus ar thionchar. Ligeann sé seo dúinn tionchar na mbeart a mheas agus, más gá, bearta breise a ghlacadh.

OSPAR_QSR_2023-Print-IE.indd 10-11 07/11/2023 21:05

SCÉAL...
AN ATLANTAIGH THOIR THUAIDH: ÁR AIGÉAN GNÓTHACH

Is éiceachóras éagsúil agus bríomhar é an tAigéan Atlantach Thoir Thuaidh, a bhfuil raon leathan shaibhir de shaol na mara ag gabháil leis. Ó na cóstaí garbha go dtí doimhneacht ghrinneall an aigéin, tá éagsúlacht iontach speiceas, gnáthóg agus éiceachórais sa limistéar ollfhairsing seo.

Tá gnáthóga éagsúla sa réigiún, ó chladaí creagacha agus tránna gainimh go foraoisí ceilpe, móinéir mhara, agus cainneoin dhomhainfharraige. I measc na n-éiceachóras atá ann, tá leapacha diúilicíní agus leapacha feamainne go sceireacha coiréil dhomhain fuara. Soláthraíonn gach gnáthóg timpeallacht uathúil áit a bhfuil deis ag speicis speisialaithe agus idirghníomhaíochtaí éiceolaíochta borradh. Feidhmíonn limistéir chósta mar phlandanna do go leor speiceas éisc, agus tá speicis imirceacha san aigéan oscailte a thrasnaíonn achar móra.

Tá an réigiún lán le beathra muirí le líon suntasacha domhanda de mhamaigh mhara agus éanlaithe mara. San áireamh san aer os a chionn, tá Bealach Eitilte an Atlantaigh Thoir, bealach imirce do na milliúin éan a úsáideann na cóstaí le haghaidh beathaithe agus neadaithe.

Tá tionchar ag fachtóirí éagsúla ar bhithéagsúlacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh, lena n-áirítear teocht, sruthanna agus infhaighteacht chothaitheach. Tá sé múnlaithe freisin ag idirghníomhaíochtaí idir speicis, mar ghaolmhaireacht idir creachadóirí agus a gcreach agus comhlachais siombóiseach.

Mar sin féin, tá dúshláin iomadúla os comhair na héagsúlachta dochreidte seo. Cuireann gníomhaíochtaí daonna, amhail loingseoireacht, truailliú, scrios gnáthóige, agus athrú aeráide, bagairtí suntasacha ar chothromaíocht leochaileach an éiceachórais. Tá iarrachtaí ar siúl chun bithéagsúlacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh a chosaint agus a chaomhnú trí Limistéir Chosanta Mhuirí agus bearta laghdaithe truaillithe a bhunú ach tá níos mó le déanamh.

Tá sé ríthábhachtach éagsúlacht an Aigéin Atlantaigh Thoir Thuaidh a chaomhnú, ní hamháin chun go mairfidh an iliomad speiceas ach freisin do shláinte agus seasmhacht iomlán éiceachóras na mara. Is oidhreacht nádúrtha luachmhar í a bhfuil ár maoirseacht agus ár n-urraim ag teastáil uaithi.

Tá an Mhuir Thuaidh ar cheann de na limistéir farraige a thrasnaítear is minice ar domhan le dhá cheann de na calafoirt is mó ar domhan suite ar a cóstaí, Rotterdam agus Hamburg.



MEÁCHAN COMHLÁN NA N-EARRAÍ ARNA LÁIMHSEÁIL AG GACH CALAFORT IN 2018 AG AN BPÁIRTÍ CONARTHACH.



OSPAR_QSR_2023-Print-IE.indd 12-13 07/11/2023 21:05

02.
BRÚNNA

LEANANN TIONCHAIR DHIÚLTACHA Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OLA AGUS GÁIS AG LAGHDÚ

Mar thoradh ar bhearta OSPAR tháinig laghdú ar gach sceitheadh ón earnáil ola agus gáis amach ón gcósta, lena n-áirítear doirteadh uisce táirgthe, sreabhán druileála olabhunaithe, agus ceimiceáin a bhfuil substaintí guaiseacha iontu.

Tá deireadh tagtha anois le roinnt brúnna a bhí forleathan tráth, mar shampla truailliú ó scaoileadh gearrthacha olabhunaithe neamhchóireáilte, agus tá laghdú tagtha ar leibhéal an éillithe. Tugadh isteach freisin cur chuige rioscabhunaithe maidir le bainistiú sceite uisce táirgthe, an phríomhfhoinse éillithe amhola san fharraige, chun córas rialaithe éigeantach comhchuibhithe OSPAR do cheimiceáin amach ón gcósta a chomhlánú agus chun an t-aistriú i dtreo úsáid níos lú substaintí guaiseacha a chur chun cinn.

Ag an am céanna, tá OSPAR ag obair i dtreo bhaint iomlán na suiteálacha ola agus gáis as úsáid, agus beidh níos mó suiteálacha le díchoimisiúnú sna deich mbliana atá romhainn.

I bhfianaise na taithí a fuarthas le suiteálacha ola agus gáis a dhíchoimisiúnú, le taighde ábhartha agus le malartú faisnéise, tá sé mar aidhm ag OSPAR a áirithiú go bhfanfaidh maoluithe ón toirmeasc ar dhumpáil eisceachtúil.

Táthar ag súil go laghdóidh na comhbheartas seo aon drochthionchar ó ghníomhaíochtaí ola agus gáis i Limistéar Muirí OSPAR, cé gur ábhar imní fós iad na rioscaí a bhaineann le truailliú doirteadh, torann, solas agus ceimiceach ó ghníomhaíochtaí ola agus gáis. Teastóidh aird mhéadaithe ó Pháirtithe Conarthacha OSPAR freisin ón méadú féideartha ar thionscadail stórála dé-ocsaíd charbóin chun astaíochtaí carbóin ó thionscail dhiancharbóin i limistéar OSPAR a fhritháireamh.

NEAES OSPAR 2030

Tugtar aghaidh ar na brúnna timpeallachta ó ghníomhaíochtaí ola agus gáis amach ón gcósta faoi roinnt cuspóirí straitéiseacha de NEAES 2030, eadhon iad siúd a bhaineann le truailliú agus bruscar muirí a chosc, le torann antrapaigineach a laghdú agus le gníomhaíochtaí daonna a bhainistiú:

S2. Cosc a chur ar thruailliú ó shubstaintí guaiseacha, trí dheireadh a chur lena n-astaíochtaí, a n-eisilte, agus a gcaillteanais, leibhéil a bhaint amach nach n-eascraíonn drochthionchar ar shláinte an duine ná ar an timpeallacht mhuirí, agus é mar aidhm deiridh aige, tiúchan sa timpeallacht mhuirí a bhaint amach agus a chothabháil ag gar luachanna cúlra do shubstaintí guaiseacha a fhaightear go nádúrtha agus gar do nialas do shubstaintí guaiseacha de dhéantús an duine.

S4. Cosc a chur ar ionchuir bhruscar muirí agus é a laghdú go suntasach, lena n-áirítear micreaplaistigh, sa timpeallacht mhuirí chun leibhéil nach mbíonn drochthionchar acu ar an timpeallacht mhuirí agus cósta a bhaint amach agus é mar aidhm aige deireadh a chur le hionchur bruscair.

S8. Torann antrapaigineach faoi uisce a laghdú go leibhéil nach mbíonn drochthionchar acu ar an timpeallacht mhuirí; agus

S9. Struchtúr agus feidhmeanna ghrinneall na farraige/éiceachórais mhuirí a chosaint trí chaillteanas suntasach gnáthóige agus suaitheadh fisiceach de bharr gníomhaíochtaí daonna a chosc.

MEASÚNUITHE GAOLMHARA:

- Measúnú téamach ar thionscal amach ón gcósta
- Tionchair an tionscail ola agus gáis amach ón gcósta ar an timpeallacht mhuirí

UISCE TÁIRGTHE (UT)

Is fotháirge é UT d'oibríochtaí táirgthe ola agus/nó gáis a thagann as an tobar le linn an táirgthe. Is ionann doirteadh UT agus an fhoinse is mó d'éilliú amhola chuig an timpeallacht mhuirí ó oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta.

BEARTA OSPAR

MOLADH 2001/1
OSPAR (arna leasú) maidir le bainistiú UT ó shuiteálacha amach ón gcósta

MOLADH 2012/5
OSPAR (arna leasú le haghaidh cur chuige riosca-bhunaithe (RBA) maidir le bainistiú sceite UT ó shuiteálacha amach ón gcósta.

FÍRICÍ 2009-2019

16% Laghdú ar dhoirteadh ola scaipthe UT

21% Laghdú ar thoirt an uisce táirgthe agus uisce díláithrithe

CEIMICEÁIN AMACH ÓN GCÓSTA

Eascraíonn príomhdhoirteadh ceimiceán amach ón gcósta ó ghníomhaíochtaí druileála agus sceitheadh UT. Tá cuid de na ceimiceáin guaiseacha mar go bhfuil substaintí iontu atá marthanach, agus/nó a d'fhéadfadh a charnadh in orgánaigh bheo agus/nó tocsaineach.

BEARTA OSPAR

CINNEADH 2000/2
OSPAR maidir le córas rialaithe sainordaitheach comhchuibhithe maidir le húsáid agus laghdú ar sceitheadh ceimiceán amach ón gcósta

MOLADH 2005/2
OSPAR ar Aidhmeanna Comhshaoil don Tionscal Eischósta do Dhíscaoileadh Ceimiceán atá, nó ina bhfuil Substainti Breise, atá Liostaithe i Liosta Ceimiceán OSPAR 2004 ar mhaithe le Gníomhú Tosaíochta

MOLADH 2017/01
OSPAR ar Scéim Chomhchuibhithe Réamhscagtha do Cheimiceáin Amach ón gCósta

MOLADH 2010/3
OSPAR ar Fhormáid Chomhchuibhithe um Fhógra Ceimiceán Eischósta (HOCNF)

FÍRICÍ 2009-2019

12% Laghdú ar na ceimiceáin a úsáidtear

Laghdú 30% ar na ceimiceáin a urscaoileadh

Céimniú amach ceimiceán do Ghníomh Tosaíochta

SUITEÁLACHA OLA AGUS GÁIS AMACH ÓN GCÓSTA SAN ATLANTACH THOIR THUAIDH

Tá Páirtithe Conarthacha tar éis an cosc ar dhumpáil nó ar fhágáil suiteálacha amach ón gcósta nach bhfuil in úsáid a chur i bhfeidhm go hiomlán. Tugadh faoi athbhreithniú ar thaithí agus ar fhorbairtí teicniúla a bhaineann le díchoimisiúnú ardán i 2013 agus i 2018.

BEARTA OSPAR

CINNEADH 98/3
OSPAR maidir le diúscairt suiteálacha amach ón gcósta as úsáid

FÍRICÍ



1300 oibriúcháin (ó 1998)

170 díchoimisiúnaithe

Eisíodh 10 maolú

5 bhonn de struchtúir mhóra chruach & 5 fhostruchtúr coincréite

OSPAR_QSR_2023-Print-IE.indd 16-17 07/11/2023 21:05

TÁ COSC CURTHA AR THRUAILLIÚ Ó SHUBSTAINTÍ RADAIGHNÍOMHACHA

Léirítear i QSR 2023 gur baineadh amach laghduithe forásacha agus suntasacha ar eisiltigh radaighníomhacha ón earnáil núicléach thar an tréimhse ó 1995 go 2018 le cur i bhfeidhm bhearta OSPAR.

Den chuid is mó d'fhan sceitheadh radanúiclídí a fhaightear go nádúrtha ón bhfo-earnáil ola agus gáis gan athrú nó tháinig laghdú beag orthu. Trid is trid, tá dul chun cinn suntasach déanta ag na Páirtithe Conarthacha i dtreo cuspóir deiridh OSPAR a chomhlíonadh maidir le tiúchana sa timpeallacht a bhaint amach gar do luachanna cúlra do shubstaintí radaighníomhacha a fhaightear go nádúrtha agus gar do nialas do shubstaintí radaighníomhacha saorga.

Baintear de thátal as an measúnú téamach ar shubstaintí radaighníomhacha nach bhfuil aon tionchar suntasach raideolaíoch ar dhaoine ná ar an timpeallacht mhuirí mar thoradh ar thiúchan timpeallachta de radanúiclídí táscaire atá i láthair i Limistéar Muirí OSPAR.

Is é fócas OSPAR don todhchaí ná deiseanna breise a aithint chun sceitheadh substaintí radaighníomhacha a chosc nó, nuair nach bhfuil sé sin indéanta, an doirteadh sin a laghdú níos mó fós. Díreoidh OSPAR freisin ar thuiscint níos fearr ar éifeachtaí carnacha na mbrúnna éagsúla agus ar na naisc idir athrú aeráide agus substaintí radaighníomhacha i Limistéar Muirí OSPAR.

NEAES OSPAR 2030

S3. Cosc a chur ar thruailliú ó shubstaintí radaighníomhacha chun sláinte an duine a chosaint agus chun an timpeallacht mhuirí a chosaint agus é mar aidhm dheiridh aige, tiúchan sa timpeallacht mhuirí a bhaint amach agus a chothabháil ag luachanna gar chúlra do shubstainti radaighníomhacha a fhaightear go nádúrtha agus gar do nialas do shubstainti radaighníomhacha de dhéantús an duine

MEASÚNUITHE GAOLMHARA:

- Measúnú téamach ar shubstaintí radaighníomhacha
- 5ú meastóireacht thréimhsiúil ar dhul chun cinn i dtreo chuspóir na Straitéise um Shubstainti Radaighníomhacha OSPAR

1949

Cuirtear tús le dumpáil dramhaíola radaighníomhaí san Atlantach Thoir Thuaidh

© GREENPEACE 10/08/1982

1983

Tagann deireadh le dumpáil ar muir tar éis moratóir deonach.

1975

Tagann Coinbhinsiún Londan (LC) i bhfeidhm lena dtoirmisctear dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil a dhumpáil. Leanann dumpáil dramhaíola radaighníomhaí eile.

1991

Cuirtear tús le tuairisciú cur chun feidhme ar chur i bhfeidhm na dteicníochtaí is fearr atá ar fáil (BAT) agus an dea-chleachtais chomhshaoil (BEP) i saoráidí núicléacha. Leanann tuairisciú ar aghaidh go dtí an lá inniu faoi Mholadh OSPAR 2018/01 maidir le Scaoilte Radaighníomhacha (arna leasú 2022).

1992

Cuireann OSPAR cosc ar dhumpáil substaintí radaighníomhacha ar leibhéal íseal agus idirmheánach i Limistéar Muirí OSPAR.

1994

Tagann an toirmeasc LC atá ceangailteach de réir dlí ar dhumpáil na dramhaíola radaighníomhaí uile i bhfeidhm an 20 Feabhra. Moladh PARCOM 94/8 Maidir leis an Tionchar Timpeallachta de Thairgeadh Sceitheadh Substainti Radaighníomhacha

1995

Tuairisciú bliantúil ar sceitheadh leachta ón earnáil núicléach, ar sceitheadh núicléach ó na hearnálacha neamhnúicléacha; agus cuirtear tús le comhchruinnithe radanúiclídí sa timpeallacht muirí. Tá na sonraí seo ar fáil saor in aisce ar Thairseach Sonraí agus Faisnéise OSPAR.

1998

Cinneadh 98/2 OSPAR maidir le Dramhaíl Radaighníomhach a Dhumpáil

2001

An chéad mheasúnú bliantúil ar sceitheadh leachta ón tionscal núicléach. Leanann tuairisciú bliantúil ar aghaidh go dtí an lá inniu.

2002

Foilsítear an chéad tuarascáil agus measúnú ar doirteadh radanúiclídí ó na hearnálacha neamhnúicléacha. Áirítear ar na hearnálacha a ndearnadh measúnú orthu an tionscal ola agus gáis, fo-earnáil leighis, áiseanna ollscoile agus taighde i measc nithe eile. Leanann tuairisciú bliantúil ar aghaidh go dtí an lá inniu.

2006

Foilsítear an Chéad Mheasúnú Tréimhsiúil a léiríonn dul chun cinn i dtreo chuspóir na Straitéise um Shubstainti Radaighníomhacha OSPAR. Tá Meastóireachtaí Tréimhsiúla á bhfoilsiú i gcónaí.

2022

An Cúigiú Meastóireacht Tréimhsiúil ar dhul chun cinn a léiriú i dtreo chuspóir na Straitéise um Shubstainti Radaighníomhacha OSPAR foilsithe.

OSPAR_QSR_2023-Print-IE.indd 18-19 07/11/2023 21:05

IS CÚIS IMNÍ IAD SUBSTAINTÍ GUAISEACHA

Cé go bhfuil laghdú tagtha ar thiúchan na substaintí guaiseacha is mó atá ag fanacht sa timpeallacht ón teacht isteach san am a chuaigh thart (ar a dtugtar substaintí guaiseacha oidhreachta), tá a leibhéil fós ina n-ábhar imní i Réigiúin na Mara Thuaidh Móire, na Mara Ceiltí agus Bhá na Bioscáine/Cósta na hIbéire agus sa Réigiún leibhéil trófacha níos airde sa Réigiún Artach freisin.

Bhí srianta ar úsáid substaintí guaiseacha éifeachtach chun scaoileadh nua a theorannú, ach fágann a gcobhsaíocht ard cheimiceach agus a n-athscaoileadh ó dhríodar gur ábhar imní iad i gcónaí. D'fhéadfadh ionchur méadaithe substaintí eile a bheith mar thoradh ar leibhéil mhéadaithe gníomhaíochtaí daonna agus úsáidí nua as an bhfarraige agus as an talamh, agus ní fios go mór a dtionchar mar gheall ar easpa sonraí éiceathocsaineolaíocha.

Cé go bhfuil laghdú tagtha ar thruailliú na hearnála loingseoireachta de bharr rialacháin maidir le hastuithe sulfair agus nitrigine, agus uisce ballasta; bearta chun bruscar a theorannú; bearta a rialaíonn saoráidí glactha calafoirt; agus gníomhartha chun an baol truaillithe ola a laghdú, tá méadú ag teacht ar urscaoileadh teagmhasach chuig uisce trí chórais ghlantacháin gháis sceite.

Ina theannta sin, tuairiscíodh méaduithe ar scaoileadh amach ón earnáil dobharshaothraithe agus is dócha go scaoilfear substaintí, lena n-áirítear cógais, ag an tionscal seo atá ag fás go tapa. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh dreidireacht agus dumpáil leanúint de bheith ina gcúis le scaoileadh éillithe. Dá mbeadh mianadóireacht ghrinneall na farraige le tarlú i Limistéar Muirí OSPAR, bheadh gá le himscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le hábhair truaillithe bhreise.

NEAES OSPAR 2030

S2. Cosc a chur ar thruailliú ó shubstaintí guaiseacha, trí dheireadh a chur lena n-astaíochtaí, a n-eisilte agus a gcaillteanais, leibhéil a bhaint amach nach n-eascraíonn éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine ná ar an timpeallacht mhuirí d'fhonn tiúchan sa timpeallacht mhuirí a bhaint amach agus a chothabháil ar an gcúlra gar luachanna do shubstaintí guaiseacha a fhaightear go nádúrtha agus gar do nialas do shubstaintí guaiseacha de dhéantús an duine.

MEASÚNUITHE GAOLMHARA:

- Measúnú téamach ar shubstaintí guaiseacha
- Treochtaí i dtaifid nua de speicis neamhdhúchasacha a tugadh isteach de bharr gníomhaíochtaí daonna
- Ionchuir miotal trom
- Ionchuir cothaithigh
- Stádas agus treochtaí do mhiotail throma (mearcair, caidmiam agus luaidhe) in éisc agus sliogéisc & dríodar
- Stádas agus treochtaí i dtiúchan na hidreacarbóin aramatacha iltimthriallacha (PAHanna) i sliogéisc agus i ndríodar
- Stádas agus Treochtaí sna Leibhéil gnéas forshuite i nGastrapóid Mhuirí (TBT i Sliogéisc)
- Stádas agus treochtaí défheinilí polaclóirinithe (PCB) in iasc agus sliogéisc & dríodar
- Stádas agus treochtaí TBT i ndríodar
- Treochtaí i dtiúchan na éitear défheinile ilbróiminithe (PBDEanna) in iasc agus sliogéisc & dríodar
- Ionchuir atmaisféaracha agus abhann
- Cás-staidéar ar thionscadal CONNECT
- Éifeachtaí comhtháite bitheolaíochta
- Stádas agus Treocht substainti guaiseacha ag baint úsáide as CHASE

CÁS-STAIDÉAR – BEARTA ÉIFEACHTACHA: STÁDAS AGUS TREOCHTAÍ SNA LEIBHÉIL GNÉAS FORSHUITE I NGASTRAPÓID MHUIRÍ (TBT I SLIOGÉISC)



Céatadán na stáisiún atá aicmithe mar "leibhéal cúlra" (faoi bhun BAC), idir BAC agus EAC (sonraithe "faoi bhun EAC") agus os cionn EAC. BAC = comhchruinniú measúnaithe chúlra, EAC = critéar measúnaithe timpeallachta. Tá na céatadáin laistigh de gach bliain.



Is bithicid thar a bheith tocsaineach é Tríbhúitiltin (TBT) a úsáideadh go forleathan ó na 1980í chun cosc a chur ar fhás orgánach muirí ar chabhail long agus árthaigh áineasa.

Tar éis cosc domhanda ar úsáid tríbhúitiltine agus orgánastáin eile i bpéinteanna frithbhréantais i 2008, tá feabhas suntasach tagtha ar riocht atáirgthe seilidí mara ón Tuarascáil ar Stádas Cáilíochta 2010.

Bíonn tionchar ag TBT ar go leor orgánaigh, ach tá gastrapóid mhara, mar an chuachma chon, Nucella lapillus (L.) i measc na cinn is íogaire.

OSPAR_QSR_2023-Print-IE.indd 20-21 07/11/2023 21:05

TÁ TRUAILLIÚ Ó THORANN FÓS INA BHAGAIRT

Tá torann faoi uisce ó ghníomhaíochtaí loingseoireachta, ola agus gáis (lena n-áirítear suirbhéanna seismeacha) agus níos mó agus níos mó ó ghníomhaíochtaí gaoithe amach ón gcósta le linn na tógála agus na céime saothraithe araon ina bhrú fós ar mhamaigh mhara agus ar chineálacha eile de shaol na mara.

D'fhéadfadh sé gur leanadh treoir ón Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) maidir le torann loingseoireachta a laghdú i Limistéar Muirí OSPAR ach ní raibh tionchar suntasach aici ar leibhéil torainn fós. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar mhiniciocht agus ar dhéine truaillithe torainn san Atlantach Thoir Thuaidh, i bhfoirm torainn leanúnaigh den chuid is mó ó loingseoireacht agus torann ríogach ó thaiscéalaíocht sheismeach, sá pilí agus gníomhaíochtaí míleata. Ar an gcúis sin, tá OSPAR tiomanta do phlean gníomhaíochta réigiúnach de bhearta a tháirgeadh chun torann a laghdú ar bhealach níos éifeachtaí.

FREAGRA

Tá OSPAR tosaithe ag obair ar fhorbairt an phlean gníomhaíochta réigiúnach do thorann faoi uisce. Rachaidh an plean gníomhaíochta i ngleic le brúnna ó thorann ríogach agus leanúnach.

Cuirfidh an plean luach le gníomhaíochtaí reatha OSPAR agus sainaithneoidh sé bearnaí agus tabharfaidh sé aghaidh orthu. Tá sé mar aidhm ag an bplean gníomhaíochta réigiúnach:

- spriocanna, caighdeáin agus cineálacha cur chuige comhchuibhithe a fhorbairt chun torann antrapaigineach a laghdú;
- cuir chuige fo-réigiúnacha a fhorbairt maidir le bainistíocht torainn chun brú agus nochtadh araon a laghdú;
- dea-chleachtas a roinnt;
- comhoibriú go hidirnáisiúnta le Coinbhinsiúin Réigiúnacha Farraige eile chun cur chuige coiteann a fhorbairt, chun luach a chur le próisis atá ann cheana féin agus gan iarrachtaí a dhúbailt;
- comhoibriú le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta eile amhail IMO chun cosaint an Atlantaigh Thoir Thuaidh a fheabhsú agus chun cur chun feidhme réigiúnach éifeachtach beart agus treoirlínte arna gcomhaontú go domhanda a chur chun cinn;
- tacú le Páirtithe Conarthacha i bhforbairt, i gcur chun feidhme agus i gcomhordú a gcláir maidir le torann faoi uisce, lena n-áirítear na cláir sin chun Creat-Treoir Straitéise Muirí an AE (MSFD) a chur chun feidhme;
- feabhas a chur ar an mbonn eolais ar thorann faoi uisce, trí Chlár Oibre Eolaíochta OSPAR, agus trí Chomhchlár Measúnaithe agus Monatóireachta OSPAR.

NEAES OSPAR 2030

S8. Torann antrapaigineach faoi uisce a laghdú go leibhéil nach mbíonn drochthionchar acu ar an timpeallacht mhuirí.

MEASÚNUITHE GAOLMHARA:

- Torann faoi uisce
- Dáileadh fuaimeanna ríogacha tuairiscithe san fharraige
- Riosca tionchair ó fhuaim ríogach antrapaigineach
- Torann comhthimpeallach

CAD Í AN FHADHB?

Is féidir le torann dul i bhfeidhm ar ainmhithe muirí trí chur isteach ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh, nascleanúint a dhéanamh, bia a aimsiú nó bagairtí a bhrath; trí theitheadh nó seachrán a spreagadh; nó iad a ghortú nó bás a fháil.

TORANN LEANÚNACH

Is é loingseoireacht an fhoinse is mó de thorann leanúnach faoi uisce; Áirítear le foinsí eile bádóireacht áineasa, iascaireacht, astarraingt chomhiomláin, gníomhaíochtaí ola agus gáis, agus tuirbíní gaoithe amach ón gcósta. I limistéir mhóra den Mhuir Thuaidh Theas, agus feadh phríomhbhealaí loingseoireachta, sáraíonn an torann an fhuaim nádúrtha sna bandaí miniciochta íseal níos mó ná 20 dB le breis agus 50% den am.

Meánleibhéal brú fuaime iomlán, 2019, arna thomhas i mbanda 125 Hz



TORANN RÍOGACH

Déantar torann ríogach a tháirgeadh trí shuirbhéanna seismeacha gunna aeir, ag sá pilí do thuirbíní gaoithe amach ón gcósta agus tógáil eile, pléascanna, gníomhaíochtaí míleata, agus roinnt gléasanna bacainní fuaimiúla.

Trí fhaisnéis ar dhlús na muca mara a chomhcheangal le heolas ar fhoinsí torainn ríogaigh is féidir léarscáileanna riosca a tháirgeadh a thaispeánann a mhéid a bhíonn brú ó thorann ríogach ag an am céanna le láithreacht na muca mara. Tháinig laghdú ar an mbaol go gcuirfí isteach ar mhuca mara mar gheall ar thorann ríogach a tuairiscíodh ó 2015 go 2017, agus ansin méadaíodh é go 2019.

Laghdaigh teicnící maolaithe a úsáideadh le linn ghníomhaíochtaí maidir le sá pilí, amhail cuirtíní boilgeoige a úsáid, na hinnéacsanna bliantúla nochta brú ó fhuaimeanna ríogacha i gcomparáid le pileáil gan laghdú.

Léarscáileanna riosca bliantúla do mhuca mara ó thorann ríogach, 2015-2019, Márta-Samhain



OSPAR_QSR_2023-Print-IE.indd 22-23 07/11/2023 21:05

EOTRÓFÚ GO LEANÚNACH

Leanann ionchur cothaitheach ó thalmhaíocht, dobharshaothrú, fuíolluisce ó phoncfhoinse mar éalaithe agus doirteadh abhann, rith chun srutha ón talamh agus sil-leagan ón atmaisféar, ag cruthú eotrófaithe i roinnt Réigiún OSPAR.

Bíonn tionchar ag eotrófú uiscí cósta ar tháirgiúlacht mhuirí, comhdhéanamh pobail, struchtúr bia-eangach agus cumas iompair éiceachórais, íslíonn sé cáilíocht uisce agus luachanna aeistéitiúla na limistéar cósta, agus féadfaidh sé a bheith mar bhagairt ar shláinte an duine.

Mar fhreagra air sin, tá iarrachtaí suntasacha déanta ag Páirtithe Conarthacha OSPAR ionchuir chothaitheach sa mhuirthimpeallacht a laghdú, go háirithe ó fhoinsí talmhaíochta, ó fhuíolluisce cathrach, agus ó fhoinsí tionsclaíocha agus atmaisféaracha.

Mar thoradh air seo tá feabhas seasta ar na Réigiúin OSPAR is mó atá buailte, cé nár leanadh le luas an dul chun cinn maidir le dul i ngleic le heotrófú i gcomparáid le tréimhse measúnaithe roimhe seo (2000-2010).

Leanann eotrófú i gcleití abhann agus i gceantair chósta áirithe, agus i roinnt dobharcheantar, tá méadú fiú ag teacht ar ionchur cothaitheach. Tá Páirtithe Conarthacha fós tiomanta d'fhoinsí pointe a rialú, truailliú abhann agus cothaitheach san atmaisféar fiú de réir mar a éirionn sé níos deacra é sin a dhéanamh, go háirithe má mhéadaíonn athrú aeráide éifeachtaí eotrófaithe.

Déanfar iniúchadh ar bhealaí chun eotrófú a rialú trí réitigh atá bunaithe ar an dúlra mar thionscnamh chun inbhir agus bogaigh a dhéanann scagadh ar chothaithigh a chosaint agus a athchóiriú nuair is gá. Tá sé níos tábhachtaí ná riamh an próiseas a bhaineann le spriocanna laghdaithe cothaitheach a leagan síos a léiríonn conas a d'fhéadfadh athrú aeráide éifeachtaí eotrófaithe a dhéanamh níos measa.

FREAGRA

Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag Páirtithe Conarthacha OSPAR chun caillteanais chothaitheach don timpeallacht mhuirí a laghdú. Chomh luath le 1988, chomhaontaigh Páirtithe Conarthacha astuithe cothaitheach go dtí an Mhuir Thuaidh a laghdú 50% (Moladh 88/2 PARCOM). Treisíodh an gealltanas seo trí Mholadh 89/2 PARCOM, a thug isteach clár comhordaithe chun ionchur cothaitheach a laghdú.

Le 'Moladh PARCOM 92/4' tugadh isteach raon beart atá dírithe ar chleachtais talmhaíochta a bhí ag cruthú caillteanais iomarcacha cothaitheach. Tá bearta chun ionchuir a laghdú curtha i bhfeidhm ó shin agus i gcásanna éagsúla curtha leo le Treoracha ón Aontas Eorpach a chlúdaíonn cóireáil fuíolluisce, níotráití sa talmhaíocht, astuithe tionsclaíochta agus bainistíocht uisce agus mara. Ina theannta sin, déantar astaíochtaí atmaisféaracha a rialáil trí Phrótacal Gothenburg de Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin (CLRTAP), arna chur chun feidhme ag Ballstáit an AE tríd an Treoir um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta (2016/2284). /AE).

Mar thoradh ar na rialacháin agus na comhaontuithe seo, laghdaigh cóireáil fuíolluisce agus foinsí pointe tionsclaíocha a gcuid sceitheadh nítrigine agus fosfar. Tá laghdú suntasach tagtha ar ionchuir fhosfair abhann, agus ar ionchuir nítrigine san atmaisféar.

Tháinig na feabhsuithe is suntasaí ó laghduithe ar ionchur nítrigine san atmaisféar agus ón laghdú ar úsáid leasacháin ó 1990 i leith. Mar sin féin tá talmhaíocht fós ina foinse chothaitheach ollmhór inár n-aibhneacha agus ár bhfarraigí.

NEAES OSPAR 2030

S1. Dul i ngleic le heotrófú, trí ionchur cothaitheach agus ábhar orgánach a theorannú go leibhéil nach mbíonn drochthionchar acu ar an timpeallacht mhuirí.

MEASÚNUITHE GAOLMHARA:

- Measúnú eotrófaithe comhtháite
- Tiúchan ocsaigine tuaslagtha in aice le grinneall na farraige
- Tiúcháin séasúr fáis de chlóraifill-a
- Tiúchan cothaitheach geimhridh

CAD IS EOTRÓFÚ ANN?

Tá eotrófú mar thoradh ar shaibhriú iomarcach uisce le cothaithigh, rud a d'fhéadfadh fás algaí (fiteaplanctóin) sa cholún uisce a luathú. D'fhéadfadh go mbeadh raon suaitheadh neamh-inmhianaithe san éiceachóras muirí mar thoradh air seo, lena n-áirítear athrú ar chomhdhéanamh an fhlóra agus an fhána, a théann i bhfeidhm ar ghnáthóga agus ar bhithéagsúlacht, ídiú ocsaigine, athruithe ar shoiléireacht uisce, agus athruithe iompraíochta nó fiú bás d'iasc agus speicis eile.

Is díol suntais é méid an fháis ar dhobharshaothrú laistigh de Limistéar Muirí OSPAR. Ba é an tArtach an t-aon réigiún inar léiríodh méaduithe suntasacha ar ionchur cothaitheach uisce-iompartha. Léirigh anailís ar athruithe ar dhoirteadh díreach chuig an Atlantach Thoir Thuaidh go raibh beagnach gach feabhsúchán ar dhoirteadh ó thionscal agus cóireáil fuíolluisce curtha ar ceal mar gheall ar mhéaduithe ó dhobharshaothrú muirí.

AN UIRLIS COMPEAT

Is cur chuige comhchuibhithe cuimsitheach é an Nós Imeachta Coiteann arna fhorbairt ag Páirtithe Conarthacha OSPAR chun eotrófú san Atlantach Thoir Thuaidh a mheasúnú. Feidhmíonn sé chun stádas eotrófaithe a shainaithint, a aicmiú agus a mheas, chomh maith leis an ngá atá le bearta feabhais a chinneadh, scála na ngníomhaíochtaí riachtanacha, agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart atá curtha chun feidhme. Tríd an eolas eolaíoch is fearr atá ar fáil a ionchorprú, léiríonn an Nós Imeachta Coiteann úsáid OSPAR as cineálacha cur chuige réigiúnacha agus bunaithe ar riosca chun eotrófú san Atlantach Thoir Thuaidh a léirmhíniú agus a mheasúnú.

Bunaithe ar na rialacha a leagtar amach sa Nós Imeachta Coiteann, déantar measúnú ar stádas eotrófaithe le hUirlis Mheasúnaithe Eotrófaithe an Nós Imeachta Choitinn (COMPEAT). Tá an uirlis aicmithe uathoibrithe seo á óstáil ag ICES. Seachas measúnú a dhéanamh ar an stádas eotrófaithe agus a mhuinín, cheadaigh an uirlis freisin measúnú a dhéanamh arís in am, ag athreáchtáil COMP1 (1990-2000), COMP2 (2001-2006) agus COMP3 (2006-2014) agus ar an mbealach sin ag cur síos ar stair an eotrófaithe ó 1990 go dtí an lá inniu sa Mhuir Thuaidh Mór, i Muir Éireann agus i mBá na Bioscáine agus ar Chósta na hIbéire. Tá measúnú oibiachtúil ar stádas ag a bhfuil comhbhonn eolaíoch ar fud an Atlantaigh Thoir Thuaidh ar fad mar gheall ar úsáid COMPEAT in éineacht le scagadh sainlimistéar measúnaithe ar mhionscála. Sainmhíniodh limistéir mheasúnaithe a d'fhorbair JMP-EUNOSAT ar dtús agus arna scagadh ag ICG-EMO, le critéir aigéaneolaíochta seachas teorainneacha idirnáisiúnta agus mar sin tá siad comhsheasmhach thar theorainneacha idirnáisiúnta, i gcodarsnacht le measúnuithe roimhe seo.

TORADH MEASÚNAITHE EOTRÓFAITHE DON TRÉIMHSE COMP4 2015-2020

Tá na trí Chomhthascaire ar fad ar thiúchan chothaitheach geimhridh, tiúchana clóraifill-a agus ocsaigin tuaslagtha ghrinneall na farraige comhtháite le toradh iomlán an mheasúnaithe eotrófaithe. Léiríonn na torthaí gur braitheadh na limistéir mheasúnaithe a raibh stádas measartha nó níos measa acu go príomha san oirdheisceart na Mara Thuaidh, i gclúmaí abhann feadh chósta na mór-roinne ón mBeilg suas go dtí an Danmhairg agus an Kattegat.



OSPAR_QSR_2023-Print-IE.indd 24-25 07/11/2023 21:05

TÁ LEIBHÉIL BHRUSCAIR MHARA FÓS ARD IN AINNEOIN COMHARTHAÍ FEABHSAITHE

Tríd is tríd, tá méideanna an bhruscair mhara i Limistéar Muirí OSPAR fós ard, cé go bhfuil laghdú suntasach go staitistiúil ar bhruscar plaisteach ar thránna i bhformhór na Réigiún OSPAR agus laghdú ar bhruscar ar snámh sa Mhuir Thuaidh.

Is féidir é seo a fhritháireamh in aghaidh an mhéadaithe ar thomhaltas plaisteach per capita bliantúil i dtíortha OSPAR, le leibhéil ag sroicheadh 100 kg riamh in iarthar na hEorpa, rud a léiríonn go bhféadfadh tionchar a bheith ag láimhseáil dramhaíola ar leibhéil truaillithe mhuirí.

B'ionann an t-ionchur bliantúil measta de mhicreaplaistigh i ndobharcheantair OSPAR de níos mó ná 0,3 Mt, agus is iad na foinsí is mó atá bunaithe ar an talamh ná caitheamh bonn agus díghrádú bruscair. Ina theannta sin, tá bruscar ó iascach (ábhar dramhaíola soladach lena n-áirítear bruscar micrea-mhéid, agus trealamh iascaireachta tréigthe, caillte agus caite), dobharshaothrú, loingseoireachta, bádóireacht áineasa agus tionscail amach ón gcósta ina bhagairt do speicis agus gnáthóga muirí, go háirithe i roinnt Réigiún OSPAR.

I bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach 2014 OSPAR maidir le Bruscar Mara (RAP ML), a leagtar amach gealltanais chun cleachtais um chosc agus bainistiú dramhaíola a bhfuil tionchar suntasach acu ar bhruscar muirí a chur chun cinn, chun athchúrsáil agus athúsáid táirgí plaisteacha a spreagadh, chun ionstraimí a mheas chun míreanna aonúsáide a laghdú agus chun ionchuir micreaphlaisteacha a laghdú, tá sé curtha i bhfeidhm den chuid is mó.

Mar sin féin, is léir, in ainneoin an dul chun cinn atá déanta chun plaistigh a chosc ó dhul isteach sa mhuirthimpeallacht, go bhfuil gá níos mó a dhéanamh, agus léirítear é seo sa dara Plean Gníomhaíochta Réigiúnach ar Bhruscar Mara, ar glacadh leis in 2022.

FREAGRA

AN DARA PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA RÉIGIÚNACH AG OSPAR AR BHRUSCAR MARA

Sheol OSPAR a chéad Phlean Gníomhaíochta Réigiúnach ar bhruscar muirí in 2014. Sainaithníodh sa phlean gníomhaíochtaí náisiúnta agus comhchoiteanna araon chun dul i ngleic le bruscar muirí ar muir agus ar talamh. Críochnaíodh cur i bhfeidhm an Phlean in 2021 agus críochnaíodh 25 as 32 gníomh comhchoiteann.

I 2022 d'aontaigh OSPAR an dara Plean Gníomhaíochta Réigiúnach chun a chuid oibre a threorú thar na deich mbliana atá romhainn agus chun laghduithe suntasacha breise a bhaint amach i leitheadúlacht an bhruscair mhuirí. Cuireann an Plean 25 gníomh comhchoiteann i láthair a chlúdaíonn saincheisteanna cosúil le bainistíocht dramhaíola, fuíolluisce, ionchuir abhann, táirgí agus pacáistiú, tionscail amach ón gcósta, loingseoireacht, iascaireacht agus micreaphlaisteach.

NEAES OSPAR 2030

S4. Cosc a chur ar ionchuir bhruscar muirí agus é a laghdú go suntasach, lena n-áirítear micreaplaistigh, sa timpeallacht mhuirí chun leibhéil nach mbíonn drochthionchar acu ar an timpeallacht mhuirí agus cósta a bhaint amach agus é mar aidhm aige deireadh a chur le hionchur bruscair.

MEASÚNUITHE GAOLMHARA:

- Measúnú téamach ar bhruscar mara
- Líon, comhdhéanamh agus treochtaí bruscair trá
- Bruscar mara arna ionghabháil ag turtair mhara
- Cáithnínt plaisteacha i ngoilí fulmaire sa Mhuir Thuaidh
- Comhdhéanamh agus dáileadh spásúil bruscair ar ghrinneall na farraige
- Táirgeadh agus tomhaltas tuarascáil friothálacha plaistigh
- Tuarascáil friothálacha dramhuisce



OSPAR_QSR_2023-Print-IE.indd 26-27 07/11/2023 21:05

IS COSÚIL GO BHFUIL LAGHDÚ TAGTHA AR THABHAIRT ISTEACH SPEICEAS NUA NEAMHDHÚCHASACHA (NIS)

Is cosúil gur thit ráta na NIS a tugadh isteach nua go seasta thar an tréimhse measúnaithe, cé go bhfuil an treocht neamhchinnte mar gheall ar dhifríochtaí in iarrachtaí náisiúnta monatóireachta agus moill tuairiscithe. D'fhéadfadh go gcuirfeadh neamhchinnteachtaí den sórt sin san iarracht mhonatóireachta agus uainiú tuairiscithe sonraí don mheasúnú ráta níos airde isteach ná mar a measadh don tréimhse seo.

Cé go dtugann na sonraí le fios go bhfuil tionchar dearfach éigin ag an raon beart bainistíochta a glacadh ó QSR 2010, tá an ráta tabhairt isteach bliantúil ard i gcónaí. Leanann NIS ag cur isteach ar éiceachórais mhuirí i gCeantar Muirí OSPAR, trí ealaithigh dobharshaothraithe, tabhairt isteach trí thimpiste ó uisce ballasta agus bithghiúrannach ó loingseoireacht.

Tá tionchar ag NIS trastíre freisin ar éin mhuirí, go háirithe i gcoilíneachtaí pórúcháin na n-oileán. D'fhéadfadh athrú aeráide aon treochtaí laghdaithe i dtabhairt isteach slándála líonra agus faisnéise a aisiompú nó dlús a chur le díláithriú speiceas dúchasach ag NIS.

Dá bhrí sin, tá sé mar aidhm ag OSPAR NIS a bhrath go tapa agus tá comhghrúpa bunaithe aige le HELCOM chun iarrachtaí faireacháin ar thabhairt isteach NIS a ailíniú. Beidh gá le tuilleadh infheistíochta i modhanna maolaithe agus i dteicneolaíochtaí, mar aon le céimeanna chun sláinte na n-éiceachóras muirí a uasmhéadú in aghaidh go leor brúnna eile agus ar an gcaoi sin an baol go dtiocfaidh speicis ionracha a laghdú.

FREAGRA

Féadfaidh NIS athruithe dothuartha agus dochúlaithe a chruthú ar éiceachórais mhuirí, amhail creachadóireacht nó iomaíocht le speicis dhúchasacha, modhnú gnáthóg, agus tionchair thrófacha. Is féidir éagsúlacht tionchair eacnamaíocha nó sláinte dhaonna a dhéanamh, mar shampla, trí shalú, blás algach neamhdhúchasach díobhálach nó damáiste do struchtúir. As na cosáin aitheanta, tá loingseoireacht agus muirshaothrú freagrach as an gcuid is mó de thabhairt isteach i Limistéar Muirí OSPAR.

Tá OSPAR tar éis beart a dhéanamh chun tabhairt isteach NIS ó uisce ballasta long a laghdú trí threoir ghinearálta a fhorbairt maidir le malartú uisce ballasta deonach (Comhaontuithe 2010-07, 2014-11) agus trí thascghrúpa comhpháirteach a bhunú le HELCOM chun speicis neamhdhúchasacha a bhainistiú i. maidir le díolúintí i dtaca le bainistiú uisce ballasta agus le bainistiú a dhéanamh ar uisce ballasta agus bithghiúrannach (JTG BALLASTA & Bithghiúrannach). Mar thoradh air sin glacadh an Nós Imeachta Comhchuibhithe [...] maidir le díolúintí a dheonú faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Uisce Ballasta agus Driodar Long (Comhaontú 2020-01).

Tá raon beart glactha ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) i ndáil le huisce ballasta agus bithghiúrannach arb é is aidhm dóibh an riosca ó aistriú NIS a laghdú.

NEAES OSPAR 2030

S7. Faoi 2025 forbróidh OSPAR cur chuige bainistíochta comhordaithe chun a áirithiú go ndéanfar líon na speiceas neamhdhúchasach a thugtar isteach trí ghníomhaíocht dhaonna a íoslaghdú agus nuair is féidir é a laghdú go nialas.

MEASÚNUITHE GAOLMHARA:

- Measúnú Téamach NIS
- NIS3 - Treochtaí i dtaifid nua de speicis neamhdhúchasacha arna dtabhairt isteach ag gníomhaíochtaí daonna

Portáin Rí Ionracha

Íomhá: An t-iora farraige ionrach Didemnum vexillum a chlúdaíonn umar coinneála ag aonad tógála oisrí le caoinchead Cefas



STÁDAS

- NIS **II. AN MHUIR THUAIDH MHÓR**
- NIS **III. NA MARA CEILTÍ**
- NIS **IV. BÁ NA BIOSCÁINE AGUS CÓSTA NA HIBÉIRE**

EOCHAIR EOLAIS

- NIS Treocht shuntasach láidir anuas i ráta na NIS a tugadh isteach
- NIS Treocht measartha anuas i ráta na NIS a tugadh isteach
- NIS Treocht chobhsaí nó aníos i ráta na NIS a tugadh isteach

OSPAR_QSR_2023-Print-IE.indd 28-29 07/11/2023 21:05

03.
STAID

TÁ ÉIN MHUIRÍ FÓS I DTRIOBLÓID

Tá go leor speiceas éan muirí i Limistéar Muirí OSPAR fós i dtrioblóid. Léiríodh sna measúnuithe nach bhfuil stádas maith ag formhór na n-éan muirí – níor léiríodh ach go raibh stádas maith ag roinnt speiceas lachan agus géanna sna hUiscí Artacha, sa Mhuir Cheilteach agus i Mór-Réigiúin na Mara Thuaidh.

Níl feabhas tagtha ar an bpictiúr níos leithne ar fud Limistéar Muirí OSPAR ó d'eisigh Measúnú Idirmheánach 2017 rabhadh faoi stádas na n-éan muirí. As na naoi speiceas atá liostaithe mar speiceas atá faoi bhagairt agus/nó ag meath ag OSPAR, measúnaíodh go bhfuil an chánóg Bhailéarach, an Saidhbhéar cosdubh, an Droimneach Beag agus an Fhoracha Brünnich fós ag meath, ainneoin bearta molta a bheith curtha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na brúnna iolracha a chuireann isteach orthu.

Ina theannta sin, chuaigh an líon pórúcháin Ibéireach den gilitín coiteann in éag go luath i ndiaidh liostála. Ní raibh stádas maith ag formhór na n-éan mara cheana féin i 2010, ach tá meath breise tugtha faoi deara do go leor speiceas sa mheasúnú reatha, le laghduithe forleathan ar tháirgiúlacht pórúcháin agus flúirse daonra faoi deara i ngach Réigiún OSPAR.

Is é an t-athrú aeráide an príomhspreagthóir, ag cur isteach ar sholáthar bia agus ag tógáil ar bhrúnna bunúsacha mar fhoghabháil, imbhualadh, creachadóireacht ag speicis neamhdhúchasacha talún (NIS) amhail francaigh agus minc, caillteanas gnáthóige agus suaitheadh ó ghníomhaíochtaí daonna. Tá grúpaí áirithe éan mara leochaileach go háirithe, lena n-áirítear speicis creachadóir barr a bhfuil tionchar ag infhaighteacht íseal creiche orthu agus éin chladaigh a bhfuil tionchar ag athruithe ar ghnáthóga atá bunaithe ar athrú aeráide orthu.

Neartaigh comhghníomhaíocht in OSPAR an bonn eolais ar speicis éan liostaithe agus a stádas, agus tá gníomhaíocht chaomhnaithe ar an leibhéal náisiúnta mar thoradh ar obair OSPAR ar éin mhara. Laghdaigh limistéir chosanta cois cósta agus muirí (MPAanna) cuid de na brúnna a chuireann isteach ar na speicis éan seo. Mar sin féin, tá sé soiléir nach leor an gréasán limistéar cosanta atá ann cheana féin chun gnáthóg ríthábhachtach a chosaint ar mhaithe le héin mhuirí atá faoi bhrú.

FREAGRA

Tá gníomhaíocht chomhchoiteann déanta ag OSPAR chun an bonn eolais do speicis éan muirí atá faoi bhagairt agus/nó atá ag meath agus a stádas a neartú. Tá gníomh reachtach agus riaracháin glactha ag Páirtithe Conarthacha ar leibhéal náisiúnta chun éin mhuirí liostaithe OSPAR a chosaint, mar shampla trí reachtaíocht a thabhairt isteach chun cosc a chur ar mharú d'aon ghnó. Tá maolú déanta ag MPAanna ar chuid de na brúnna a chuireann isteach ar éin mhuirí, lena n-áirítear trína suimh neadaithe cósta a chosaint chomh maith lena láithreáin sealgaireachta ar muir agus fiú láithreáin sealgaireachta sa limistéar lasmuigh den dlínse náisiúnta de shuímh amhail MPAanna Shrutha an Atlantaigh Thuaidh agus Imchuach Farraige Evlanov.

Mar sin féin, is léir ón measúnú ar stádas bainistíochta an ghréasáin MPA gur gá an líonra atá ann cheana a fhorbairt tuilleadh agus gur gá bacainní ar ghníomhaíocht bainistíochta a shárú chun gnáthóg ríthábhachtach a chosaint d'éin mhuirí agus do na héiceachórais. Tá OSPAR ag obair chun Plean Gníomhaíochta Réigiúnach a tháirgeadh maidir le hÉin Mhuirí chun stop a chur le meath líon éan muirí. Tabharfaidh na bagairtí agus na brúnna a aithníodh i QSR 2023 treoir d'fhorbairt gníomhaíochta réigiúnacha agus comhoibritheach chun ligean d'éin mhara téarnamh. Is é céimeanna a ghlacadh i dtreo fo-ghabháil teagmhasach a íoslaghdú agus nuair is féidir é a dhíchur, an chéad ghníomh comhaontaithe agus meastar go dtabharfaidh sé aghaidh ar bhrú an-tábhachtach.

NEAES OSPAR 2030

S5. Bitheagsúlacht mhuirí, éiceachórais agus a gcuid seirbhísí a chosaint agus a chaomhnú chun stádas maith speiceas agus gnáthóg a bhaint amach, agus ar an gcaoi sin athléimneacht éiceachórais a chothabháil agus a neartú

MEASÚNUITHE GAOLMHARA:

- Measúnú téamach Éin mhuirí
- Táirgiúlacht póraithe éan mara
- Flúirse éan mara
- Éan mara \ flúirseach - éin neamhphóraithe amach ón gcósta
- Seachghabháil éan mara
- Cáilíocht ghnáthóg éan mara
- Measúnú stádais ar an gcánóg Bhailéarach
- Measúnú stádais ar an Saidhbhéar cosdubh
- Measúnú stádais ar éan aille na hIbéire
- Measúnú stádais ar an Droimneach beag
- Measúnú stádais Foracha Brünnich

OSPAR_QSR_2023-Print-IE.indd 32-33 07/11/2023 21:05

